Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2025
(OR. en)

8784/25

LIMITE

TELECOM 135
CYBER 125
COMPET 349
ESPACE 34

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An nascacht satailíte ina bunchloch don uathriail straitéiseach — an gá atá le cur chuige cuimsitheach<br>- Seisiún tuairimíochta |

Sa staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, staid atá ag síorathrú, is bunchloch d'uathriail straitéiseach an Aontais í an nascacht. Ní bheidh an tAontas in ann a spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach, ná a iomaíochas a dhaingniú san fhadtéarma, in éagmais nascacht iontaofa athléimneach, lena ndéantar an bonneagar trastíre agus neamh-thrastíre atá ann cheana a ghiaráil. Tá an domhan ag éirí níos idirnasctha, agus dá réir sin, ní ceart a mheas gur sraith réimsí teicneolaíochta nach bhfuil baint acu lena chéile í an nascacht — cuir i gcás na córais spáis, na cáblaí fomhuirí, líonraí fosaithe, agus an bonneagar móibíleach; má mheasaimid gurb ea, is beag tuiscint a bheidh againn ar an gcastacht a bhaineann le malartú sonraí sa lá atá inniu ann. Sa lá atá inniu ann, déantar sonraí a iompar trí na bonneagair éagsúla sin gan uaim: úsáideoir a úsáideann gléas móibíleach chun rochtain a fháil ar néalseirbhíse, féadfaidh sé a bheith ag brath ar nascacht áitiúil 5G, cnámh droma snáthoptaice trastíre, cáblaí fada faoin bhfarraige, agus athsheachadáin satailíte, agus déantar roinnt feidhmeanna líonra a fhíorú agus a dhéanamh sa néal. Córas atá fite fuaite go docht is toradh don idirspleáchas sin, inar féidir le suaitheadh nó tearcinfheistíocht i gcomhpháirt amháin an bonn a bhaint d'fheidhmíocht, d'athléimneacht agus de shlándáil an chórais ina iomláine.

Le deich mbliana anuas, is ar bhonneagair thrastíre (4G/5G, snáthoptaic) is mó a dhírigh an tAontas. Mar sin féin, tar éis an dul chun cinn teicneolaíochta  a rinneadh arbh é an toradh a bhí air gur tháinig laghdú ar na costais a bhaineann le satailítí a thógáil agus a lainseáil, thapaigh cuideachtaí príobháideacha agus gníomhaithe nua an deis chun seirbhísí nua a fhorbairt agus a thairiscint, go háirithe buíonta domhanfhithis íseal ar lú an t-aga folaigh le haghaidh sonraí a chuireann siad ar fáil ná a chuirtear ar fáil le satailítí cumarsáide traidisiúnta. Is tábhachtaí ná riamh é an ról atá ag an nascacht satailíte a mhéid a bhaineann le rochtain inacmhainne ar an idirlín leathanbhanda a áirithiú i gceantair iargúlta, agus ó thaobh an mhéid seo a leanas chomh maith: seirbhísí slándála, an athléimneacht, an bainistiú géarchéime, an chosaint, agus feidhmeanna criticiúla eile, de bharr go bhfuil sé neamhspleách ar sholáthar fuinnimh talamhbhunaithe agus ó shuaitheadh eile. De réir mar a ghéaraíonn na dúshláin dhomhanda, tá an nascacht satailíte ríthábhachtach do chumas an Aontais freagairt go héifeachtach d’éigeandálaí, a cheannasacht dhigiteach a chosaint, agus tacú leis an iomaíochas agus leis an bhfás eacnamaíoch.

Chuige sin, agus chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le heaspa ceannasachta an Aontais ar an nascacht spásbhunaithe, chinn an tAontas córas nascachta slán satailíte IRIS[2] dá chuid féin a bhunú, córas a thiocfaidh i bhfeidhm in 2030 (IOC) agus a thairgfidh seirbhísí trí GOVSATCOM ón mbliain seo (2025) ar dtús, agus a phunann á leathnú de réir a chéile chun seirbhísí d’úsáideoirí rialtais a chuimsiú, lena n-áirítear feidhmeanna míleata, agus réitigh nascachta a áirithiú le haghaidh úsáid níos leithne shibhialta agus tráchtála.

Tá gníomhaithe eile ag forbairt córas nascachta satailíte agus ag déanamh measúnú ar a gcuid straitéisí freisin. I bhfianaise na n-athruithe atá ag teacht ar an timpeallacht teicneolaíochta agus na ndúshlán atá ag teacht chun cinn, is mithid dúinn cruth nua a chur ar ár gcur chuige chun go n-éireoidh le córais an Aontais.

**Ní mór dúinn ár n-uathriail straitéiseach a neartú ó thaobh cumarsáid satailíte de, rud a dhaingneoidh agus a fheabhsóidh ár n-athléimneacht agus a chosnóidh ár Margadh Aonair.**

Cuireadh an nascacht satailíte san áireamh cheana féin sna caighdeáin 5G, agus beidh cóineasú na líonraí neamh-thrastíre agus trastíre ag éirí níos forleithne i roinnt foirmeacha, cuir i gcás croí-chomhtháthú 5G agus fánaíocht gan uaim na líonraí satailíte agus trastíre, agus is dócha go mbeidh sé tábhachtach freisin do 6G, a bhfuiltear ag súil go ndéanfar é a chaighdeánú faoi 2030. Le héabhlóid na dteicneolaíochtaí satailíte, cuir i gcás 'Direct to Device' (D2D), agus an méadú atá ag teacht ar líon na gcomhpháirtíochtaí idir oibreoirí líonraí móibíleacha agus na soláthraithe satailíte, cruthaítear deiseanna nua; ag an am céanna, áfach, cruthaítear dúshláin agus rioscaí, mar ní hamháin gur comhpháirtithe iad na hoibreoirí satailíte leis na hoibreoirí móibíleacha, ach is amhlaidh atá siad in iomaíocht leo freisin. Príomhghné don uathriail straitéiseach is ea an chomhpháirt talún is gá le haghaidh nascacht satailíte a chomhtháthú, lena n-áirítear nascachtcnáimhe droma , cuir i gcás cáblaí talún agus fomhuirí.

Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir lena mhéid is féidir leis an earnáil brath ar shatailítí chun seirbhísí uilíocha nó cuspóirí nó oibleagáidí cumhdaigh a bhaint amach, agus na himpleachtaí a bheadh ann ó thaobh rialála de, lena n-áirítear an státchabhair. Bheadh sé ríthábhachtach rochtain chothrom ar mhargaí an Aontais agus ar mhargaí náisiúnta a áirithiú freisin chun margadh oscailte iomaíoch a choinneáil ar bun, ina mbeadh tairiscintí éagsúlaithe a rachadh chun tairbhe na n-úsáideoirí deiridh, cuir i gcás rialtais agus tomhaltóirí.

Rialacha comhchuibhithe maidir leis an rochtain ar an margadh agus na coinníollacha coiteanna a ghabhann le húdaruithe speictrim le haghaidh seirbhísí satailíte, d'fhéadfaidís cothrom iomaíochta a bhaint amach d'oibreoirí an Aontais agus d'oibreoirí nach oibreoirí de chuid an Aontais iad, comhlíonadh a dhreasú, agus tacú le hiomaíocht. Cuirfidh sé sin le seasamh na hEorpa ar an ardán domhanda chun tacú le buíonta Eorpacha ag an am céanna; óir ní mór seirbhís dhomhanda a bhaint amach chun inmharthanacht airgeadais na mbuíonta sin a áirithiú.



PUBLIC

Ag an am céanna, baineann ceisteanna teicniúla leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as minicíochtaí trastíre ó bhunstáisiúin sa spás le haghaidh seirbhísí áirithe, cuir i gcás 'díreach go gaireas' (D2D), mar shampla trasnaíocht dhíobhálach a sheachaint, go háirithe sa tírdhreach údarúcháin ilroinnte atá againn san Eoraip. Níor cheart don Eoraip fanacht go mbeidh an chéad chruinniú eile den Chomhdháil Radachumarsáide Domhanda 2027 (WRC-27) ann chun páirt a ghlacadh sa phlé sin, nó is baolach go mbeidh áiteanna eile ar domhan chun cinn orainn. Ag an am céanna, ba cheart don Aontas lántairbhe a bhaint as a chur chuige comhchuibhithe i mbanda 2 GHz na Seirbhísí Satailíte Soghluaiste (MSS). Go sonrach, tá gá le gníomhaíochtaí tráthúla chun todhchaí bhanda minicíochta comhchuibhithe 2 GHz an Aontais a bhaint amach, ós rud é go rachaidh na húdaruithe atá ann cheana in éag i mí na Bealtaine 2027. Shainaithin an Grúpa um Beartas Speictrim Raidió éilimh atá ag teacht salach ar a chéile ar an acmhainn fhinideach sin, lena n-áirítear feidhmchláir thraidisiúnta MSS, éiceachórais IoT/M2M, agus seirbhísí D2D atá ag teacht chun cinn. Is den ríthábhacht é an deis a thapú agus an banda sin a úsáid chun dlús a chur le húsáid na teicneolaíochta sin, chun go mbeidh cinnteacht rialála ag na páirtithe leasmhara agus chun cur chuige straitéiseach maidir leis na hullmhúcháin do WRC-27, ina dtabharfar aghaidh ar leithdháiltí breise MSS, a ghlacadh. Tá sé ríthábhachtach gníomhaíocht thráthúil a dhéanamh chun go mbeidh cothromaíocht idir leanúnachas na n-oibreoirí atá ann cheana agus chun deiseanna a thabhairt do iontrálaithe nua, lena n-áiritheofar neodracht teicneolaíochta agus lena gcothófar nuálaíocht agus iomaíocht in earnáil MSS ag an am céanna.

Príomhdhúshlán eile is ea córais satailíte an Aontais agus a gcuid seirbhísí, go háirithe an córas um loingseoireacht satailíte dhomhanda (GNSS) Galileo, a chosaint ar thrasnaíocht dhíobhálach. Tá sé fíor-riachtanach na sásraí maidir le malartú faisnéise, le faireachán ar an trasnaíocht, le roghanna malartacha a fhorbairt, le frithbhearta a chur chun feidhme agus an maolú a neartú chun athléimneacht agus iontaofacht chórais satailíte an Aontais a chothabháil.

Beidh obair ullmhúcháin éifeachtúil, thráthúil don Chomhdháil Radachumarsáide Domhanda 2027 ríthábhachtach chun leasanna an Aontais maidir le leithdháileadh agus rochtain speictrim ar fud an domhain a dhaingniú, ní hamháin chun todhchaí na n-ardseirbhísí cumarsáide leictreonaí, cuir i gcás D2D, a mhúnlú, ach chun tacú le beartais eile de chuid an Aontais freisin atá ag brath ar speictream, e.g. faireachán a dhéanamh ar an athrú aeráide trí chlár Copernicus. Beidh gá le cur chuige réamhghníomhach, dea-chomhordaithe ón Aontas chun a áirithiú go leanfaidh an Eoraip a bheith iomaíoch agus uathrialaitheach ó thaobh na straitéise de i dtimpeallacht na cumarsáide satailíte atá ag athrú go tapa.

PUBLIC

**Ceisteanna atá beartaithe:**

1. Cén ról, dar leat, atá ag an mbonneagar satailíte maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach na hEorpa a áirithiú, agus an éabhlóid a tharlóidh go luath sa réimse sin amach anseo á cur san áireamh?

2. Conas is féidir leis na rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain ar an margadh agus forfheidhmiú tacú leis an nuálaíocht agus leis an uathriail straitéiseach, agus conas is féidir a áirithiú go n-urramóidh na gníomhaithe uile na rialacha?

3. Cad iad na bearta sonracha ba cheart don Aontas a dhéanamh chun a neamhspleáchas teicneolaíoch i réimse na nascachta satailíte a neartú?

PUBLIC